Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16296/22**

**AGRI 733**
**AGRILEG 205**
**WTO 236**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 728 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha chun críche coibhéise i dtaca le táirgí orgánacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 728 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 728 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.12.2022
COM(2022) 728 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha chun críche coibhéise i dtaca le táirgí orgánacha**

GA GA

## 1. Réamhrá

De réir chreat reachtach nua an Aontais maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha[1] a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022, féadfar táirge a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848 a allmhairiú ó thríú tír chun an táirge sin a chur ar an margadh sna cásanna seo a leanas[2]:

- go gcomhlíonann an táirge na forálacha ábhartha a bhaineann le cuspóirí agus prionsabail an táirgthe orgánaigh agus go gcomhlíonann sé rialacha táirgthe agus lipéadaithe Rialachán (AE) 2018/848 agus go raibh gach oibreoir faoi réir rialú údarás rialaithe nó comhlachtaí rialaithe arna n-aithint i gcomhréir le hAirteagal 46 den Rialachán sin, nó
- go dtagann an táirge ó thríú tír atá aitheanta faoi chomhaontú trádála i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 mar thír ina bhfuil córas maidir le táirgeadh a chomhlíonann na cuspóirí céanna agus na prionsabail chéanna trí rialacha a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear an ráta dearbhaithe comhréireachta céanna a áirithítear leis na cinn atá ag an Aontas (coibhéis), nó
- go dtagann an táirge ó thríú tír atá aitheanta chun críoch coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007[3].

Soláthraítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hAirteagail 47 agus 48 de Rialachán (AE) 2018/848 a chur i bhfeidhm i dtaca le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha chun críche coibhéise, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 49 den Rialachán sin[4].

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le hallmhairiú táirgí orgánacha ó thríú tíortha ar fáil ag: https://agriculture.ec.europa.eu/cap-my-country/performance-agricultural-policy/studies-and-reports/market-analyses-and-briefs_en. Ba é 2.87 milliún tona iomlán na n-allmhairí táirgí agraibhia orgánacha san Aontas in 2021. Le trí bliana anuas, ní raibh luaineacht mhór i gceist maidir le méideanna iomlána na dtáirgí orgánacha a allmhairíodh.

De réir chreat reachtach an Aontais, tá allmhairí táirgí orgánacha ó aon tríú tír aitheanta faoi réir rialuithe oifigiúla lena n-áirítear seiceálacha doiciméadacha ar na coinsíneachtaí uile, seiceálacha céannachta a dhéantar go randamach agus seiceálacha fisiceacha ag brath ar an dóchúlacht go mbeidh neamhchomhlíonadh ann. Cuirtear aon amhras faoi neamhchomhlíonadh in iúl d'údarás inniúil an tríú tír lena mbaineann maidir leis an iarraidh ar imscrúdú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar stádas orgánach an táirge lena mbaineann. Ag brath ar thorthaí an phróisis sin, féadfar táirgí a scaoileadh isteach sa mhargadh mar tháirgí atá nó nach bhfuil orgánach.

---

[1] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

[2] Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2018/848.

[3] Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/848.

[4] Mar a fhoráiltear in Airteagal 49, faoin 31 Nollaig 2022, 'déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hAirteagal 47 agus le hAirteagal 48 a chur i bhfeidhm, go háirithe i dtaca le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha chun críche coibhéise'.

## 2. Coibhéisí faoi chomhaontú trádála

Tá trí chomhaontú dhéthaobhacha i bhfeidhm faoi láthair idir an tAontas Eorpach agus an tSile, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, faoi seach. Déanann na Páirtithe faisnéis a mhalartú go rialta, lena n-áirítear faisnéis maidir lena ngníomhaíochtaí faireacháin agus maoirseachta agus maidir le nuashonruithe ar chaighdeáin táirgthe agus bearta rialaithe, chomh maith le faisnéis maidir le haon amhras faoi neamhrialtacht a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi chuimsiú na rialuithe arna ndéanamh ag na Páirtithe. An t-aitheantas i dtaobh coibhéise leis an tSile, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, tabharfar cothrom le dáta é chun teacht i bhfeidhm chreat reachtach nua an Aontais a chur san áireamh. Cuireadh na tríú tíortha lena mbaineann ar an eolas dá réir sin. Meastar go gcuirfear tús leis na hoibreacha ábhartha in 2023.

Cuirtear faisnéis ar fáil sna fo-ranna seo a leanas faoi na comhaontuithe déthaobhacha atá i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus an tSile, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, faoi seach, lena n-áirítear na catagóirí táirgí lena mbaineann agus aon soiléiriú breise maidir leis an aitheantas sin más infheidhme.

### 2.1. An tAontas Eorpach-an tSile

Thug an tAontas Eorpach agus an tSile comhaontú maidir le trádáil táirgí orgánacha i gcrích in 2017, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2018[5].

Leagtar síos raon feidhme an aitheantais sin, a mhéid a bhaineann le táirgí orgánacha a allmhairítear isteach san Aontas ón tSile agus táirgí orgánacha a allmhairítear isteach sa tSile ón Aontas Eorpach, in Airteagal 4 agus in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú:

| Catagóir na dtáirgí | Tráchtanna |
|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | De réir chóid AC |
| Mil | |
| Táirgí próiseáilte plandaí atá le húsáid mar bhia | |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | |

- Táirgí orgánacha a allmhairítear isteach san Aontas: táirgí talmhaíochta neamhphróiseáilte a tháirgtear sa tSile agus táirgí talmhaíochta próiseáilte le húsáid mar bhia a próiseáladh sa tSile agus úsáid á baint as comhábhair a fásadh go horgánach agus a táirgeadh sa tSile nó a allmhairíodh isteach sa tSile ón Aontas Eorpach nó ó thríú tír faoi chuimsiú córais atá aitheanta mar chóras coibhéiseach ag an Aontas.
- Táirgí orgánacha a allmhairítear isteach sa tSile: táirgí talmhaíochta neamhphróiseáilte agus próiseáilte a tháirgtear nó a phróiseáiltear san Aontas.

[5] An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha (IO L 331, 14.12.2017, lgh. 4-18).

## 2.2. An tAontas Eorpach-an Eilvéis

Leagtar síos an t-aitheantas frithpháirteach i dtaobh coibhéise sa Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta[6], in Iarscríbhinn 9 (maidir le táirgí talmhaíochta agus earraí bia a tháirgtear go horgánach). Tá sé tar éis forbairt le himeacht na mblianta.

Tugtar forléargas sa tábla seo a leanas ar na catagóirí táirgí a ndeonaíonn an tAontas coibhéis don Eilvéis ina leith:

| Catagóir na dtáirgí | Tráchtanna |
|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | Cé is moite de tháirgí a tháirgtear le linn na tréimhse tiontaithe |
| Ainmhithe beo agus táirgí neamhphróiseáilte ainmhí | |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia | Cé is moite de tháirgí ina bhfuil comhábhar de thionscnamh talmhaíochta a táirgeadh le linn na tréimhse tiontaithe |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bheatha | Cé is moite de tháirgí ina bhfuil comhábhar de thionscnamh talmhaíochta a táirgeadh le linn na tréimhse tiontaithe |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | |

Chun táirgí orgánacha neamhphróiseáilte a allmhairiú isteach san Aontas ón Eilvéis, ní mór gur san Eilvéis a táirgeadh iad. Táirgí talmhaíochta próiseáilte a allmhairítear isteach san Aontas ón Eilvéis, ní mór gur san Eilvéis a próiseáladh iad agus úsáid á baint as comhábhair a fásadh san Eilvéis nó a allmhairíodh isteach san Eilvéis ón Aontas nó ó thríú tír a n-aithníonn an Eilvéis ina leith gur táirgeadh agus gur rialaíodh na táirgí sa tríú tír sin i gcomhréir le rialacha atá coibhéiseach leis na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht na hEilvéise. Tá feidhm ag na coinníollacha céanna maidir le táirgí a allmhairítear isteach san Eilvéis ón Aontas Eorpach.

## 2.3. An tAontas Eorpach-an Ríocht Aontaithe

Thug an tAontas agus agus an Ríocht Aontaithe aitheantas frithpháirteach do choibhéis a gcóras orgánach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair[7] a síníodh an 30 Nollaig 2020 agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021. Leagtar síos raon feidhme an aitheantais sin, a mhéid a bhaineann le táirgí orgánacha a allmhairítear isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe agus táirgí orgánacha a allmhairítear isteach sa Ríocht Aontaithe ón Aontas Eorpach, i bhFoscríbhinn 14-A agus i

[6] An Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

[7] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch 10).

bhFoscríbhinn 14-B, faoi seach, a ghabhann le hIarscríbhinn 14 den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus is ionann é:

| Catagóirí táirgí | Tráchtanna |
|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | |
| Ainmhithe beo nó táirgí neamhphróiseáilte ainmhí | Mil san áireamh |
| Táirgí dobharshaothraithe agus feamainn | |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia | |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bheatha | |
| Síolta agus ábhar iomadaithe | |

Chun táirgí orgánacha neamhphróiseáilte a allmhairiú isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe, ní mór gur sa Ríocht Aontaithe a táirgeadh iad. Táirgí talmhaíochta próiseáilte a allmhairítear isteach san Aontas, ní mór gur sa Ríocht Aontaithe a próiseáladh iad agus úsáid á baint as comhábhair a fásadh sa Ríocht Aontaithe nó a allmhairíodh isteach sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir lena dlíthe agus lena rialacháin. Tá feidhm ag na coinníollacha céanna maidir le táirgí a allmhairítear isteach sa Ríocht Aontaithe ón Aontas Eorpach.

## 3. Coibhéisí faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007[8]

Tá aon tríú tír déag aitheanta go haontaobhach ag an Aontas mar thríú tíortha a bhfuil córas orgánach acu atá coibhéiseach le córas an Aontais faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007[9]: Ceanada, Iosrael, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Túinéis, Poblacht na Cóiré, na Stáit Aontaithe, an Airgintín, an Astráil, Cósta Ríce agus an India. Aitheantais den sórt sin, ní féidir iad a thabhairt ach do chatagóirí táirge áirithe, mar a chuirtear in iúl thíos. Tá aitheantas tugtha go haontaobhach ag Ceanada, Iosrael, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Túinéis, Poblacht na Cóiré agus na Stáit Aontaithe maidir le córas a bheith ag an Aontas atá coibhéiseach lena gcóras féin.

Bíonn malartú faisnéise rialta ann leis na tríú tíortha sin, lena n-áirítear malartú faisnéise maidir lena ngníomhaíochtaí faireacháin agus maoirseachta agus maidir le nuashonruithe ar chaighdeáin táirgthe agus bearta rialaithe, chomh maith le malartú faisnéise maidir le haon amhras faoi neamhrialtacht a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi chuimsiú na rialuithe a dhéantar.

Ba í Poblacht na Cóiré an tríú tír is déanaí ar deonaíodh coibhéis di bunaithe ar Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, agus tugadh aitheantas di in 2015 maidir le táirgí

[8] Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

[9] Féach Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2021 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an liosta de thríú tíortha agus an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a rinneadh a aithint faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 465, 29.12.2021, lch. 8).

talmhaíochta próiseáilte le húsáid mar bhia[10]. Thug Poblacht na Cóiré coibhéis don Aontas a bhfuil an raon feidhme céanna aici.

An leasú is déanaí maidir le síneadh a chur le haitheantas coibhéise tríú tír bunaithe ar Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 a bhaineann le Ceanada. In 2016, cuireadh síneadh le haitheantas Cheanada chun fíon orgánach a áireamh, chomh maith le táirgí próiseáilte le húsáid mar bhia nó mar bheatha ina bhfuil comhábhair orgánacha allmhairithe[11]. Leathnaigh Ceanada an t-aitheantas a thug sé don Aontas freisin, agus an raon feidhme céanna ag gabháil leis.

In 2021, rinne an Coimisiún bearta i ndáil leis an gcoibhéis a deonaíodh don India. Mar thoradh ar an méid ard éillithe a braitheadh i gcás táirgí neamhúdaraithe i gcoinsíneachtaí a bhí ag teacht ón India, mar aon leis an easpa freagraí faoi na bunchúiseanna le cliseadh an chórais rialaithe ó na comhlachtaí rialaithe a raibh baint acu leis an éilliú sin, agus mar thoradh ar na bearta ceartaitheacha míchuí a rinne na comhlachtaí rialaithe sin agus an t-údarás inniúil, chomh maith leis an easpa urraime a léiríodh ar raon feidhme an aitheantais a deonaíodh don India, baineadh cúig chomhlacht rialaithe de liosta na gcomhlachtaí rialaithe a ndéanann Údarás Inniúil na hIndia iad a aithint agus a mhaoirsiú[12].

De réir Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/848[13], rachaidh aitheantais na dtríú tíortha sin in éag an 31 Nollaig 2026. D'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis na tíortha sin d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha[14]. Cuireadh an 11 tríú tír lena mbaineann ar an eolas dá réir sin agus cuirfear tús leis an gcaibidlíocht.

Cuirtear faisnéis ar fáil sna fo-ranna seo a leanas faoi na 11 tríú tír atá aitheanta go haontaobhach ag an Aontas mar thríú tíortha a bhfuil córas orgánach acu atá coibhéiseach le córas an Aontais

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/131 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha (IO L 23, 29.1.2015, lch. 1).

[11] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/459 ón gCoimisiún an 18 Márta 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha (IO L 80, 31.3.2016, lch. 14).

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2021 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an liosta de thríú tíortha agus an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a rinneadh a aithint faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 465, 29.12.2021, lch. 8). Féach go háirithe aithris 6 den Rialachán seo, ina soláthraítear cúiseanna nach liostaítear na comhlachtaí rialaithe lena mbaineann in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Tá Rialachán 2021/2325 ina ábhar agóide cúirte faoi láthair i gCás T-123/22 *Ecocert India v an Coimisiún*.

[13] Rialachán (AE) 2020/1693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha a mhéid a bhaineann le dáta a chur i bhfeidhm agus dátaí áirithe eile dá dtagraítear sa Rialachán sin (IO L 381, 13.11.2020, lch. 1).

[14] Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an Airgintín, an Astráil, Ceanada, Cósta Ríce, an India, Iosrael, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Chóiré Theas, an Túinéis agus na Stáit Aontaithe d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha (IO L 306, 31.8.2021, lch. 2).

faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, lena n-áirítear na catagóirí táirgí agus aon soiléiriú breise maidir leis an aitheantas sin más infheidhme.

**3.1. An Airgintín**

| Catagóir na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | - |
| Ainmhithe beo nó táirgí neamhphróiseáilte ainmhí | B | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia (gan fíon, giosta san áireamh) | D | - |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóirí A, B agus F a fásadh san Airgintín agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh san Airgintín ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach san Airgintín.

**3.2. An Astráil**

| Catagóir na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia (gan fíon, giosta san áireamh) | D | Iad comhdhéanta go bunúsach de chomhábhar amháin nó níos mó de thionscnamh planda |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóirí A agus F a fásadh san Astráil agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh san Astráil ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach san Astráil.

**3.3. Ceanada**

| Catagóir na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | - |
| Ainmhithe beo nó táirgí neamhphróiseáilte ainmhí | B | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia | D | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bheatha | E | - |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóirí A, B agus F a fásadh i gCeanada agus táirgí de chatagóirí D agus E a próiseáladh i gCeanada ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach i gCeanada nó a

allmhairíodh isteach i gCeanada i gcomhréir le reachtaíocht Cheanada. Deonaíodh féidearthachtaí comhchosúla don Aontas maidir le táirgí orgánacha a onnmhairiú.

### 3.4. Cósta Ríce

| Catagóir na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia (gan fíon agus giosta san áireamh) | D | Táirgí neamhphróiseáilte plandaí, agus iad sin amháin |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóirí A agus F a fásadh i gCósta Ríce agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh i gCósta Ríce ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach i gCósta Ríce.

### 3.5. Iosrael

| Catagóir an táirge nó na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia (gan fíon agus giosta san áireamh) | D | Iad comhdhéanta go bunúsach de chomhábhar amháin nó níos mó de thionscnamh planda |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóir A agus F a fásadh in Iosrael agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh in Iosrael ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach in Iosrael nó a allmhairíodh isteach in Iosrael ón Aontas nó ó thríú tír faoi chuimsiú córais a aithnítear a bheith coibhéiseach i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

In 2016, dheonaigh Iosrael aitheantas don Aontas Eorpach maidir le táirgí neamhphróiseáilte plandaí agus ábhar iomadaithe fásúil agus maidir le síolta le haghaidh saothraithe, chomh maith le táirgí talmhaíochta próiseáilte le húsáid mar bhia atá comhdhéanta go bunúsach de chomhábhair de thionscnamh plandaí a dheimhnítear mar chomhábhair orgánacha i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

### 3.6. An India

| Catagóir an táirge nó na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | - |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóirí A agus F a fásadh san India.

### 3.7. An tSeapáin

| Catagóir na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia (gan fíon san áireamh) | D | Iad comhdhéanta go bunúsach de chomhábhar amháin nó níos mó de thionscnamh planda |

Tionscnamh: táirgí de chatagóir A a fásadh sa tSeapáin agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh sa tSeapáin ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach sa tSeapáin nó a allmhairíodh isteach sa tSeapáin ón Aontas nó ó thríú tír a bhfuil sé aitheanta ag an tSeapáin ina leith gur táirgeadh agus gur rialaíodh na táirgí sa tríú tír sin i gcomhréir le rialacha atá coibhéiseach leis na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht na Seapáine. Deonaíodh féidearthachtaí comhchosúla don Aontas maidir le táirgí orgánacha a onnmhairiú; is féidir le hoibreoirí an Aontais úsáid a bhaint as comhábhair a allmhairítear de réir reachtaíocht an Aontais.

### 3.8. Poblacht na Cóiré

| Catagóir na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia | D | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóir D a próiseáladh i bPoblacht na Cóiré ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach i bPoblacht na Cóiré nó a allmhairíodh isteach i bPoblacht na Cóiré ón Aontas nó ó thríú tír a bhfuil sé aitheanta ag Poblacht na Cóiré ina leith gur táirgeadh agus gur rialaíodh na táirgí sa tríú tír sin i gcomhréir le rialacha atá coibhéiseach leis na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht Phoblacht na Cóiré. Deonaíodh féidearthachtaí comhchosúla don Aontas maidir le táirgí orgánacha a onnmhairiú.

### 3.9. An Nua-Shéalainn

| Catagóir na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | - |
| Ainmhithe beo nó táirgí neamhphróiseáilte ainmhí | B | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia (gan giosta san áireamh) | D | - |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóirí A, B agus F a fásadh sa Nua-Shéalainn agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh sa Nua-Shéalainn ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach sa Nua-Shéalainn nó a allmhairíodh isteach sa Nua-Shéalainn ón Aontas, nó ó thríú tír faoi chuimsiú

córais a aithnítear a bheith coibhéiseach i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, nó ó thríú tír a n-aithníonn an Nua-Shéalainn go bhfuil a rialacha táirgthe agus cigireachta coibhéiseach agus ar choinníoll nach n-allmhairítear ach comhábhair a tháirgtear go horgánach agus a bheartaítear a ionchorprú, suas le huasmhéid 5 % de tháirgí de thionscnamh talmhaíochta, i dtáirgí de chatagóir D a ullmhaíodh sa Nua-Shéalainn. Deonaíodh féidearthachtaí comhchosúla don Aontas maidir le táirgí orgánacha a onnmhairiú.

### 3.10. An Túinéis

| Catagóir na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia (gan fíon agus giosta san áireamh) | D | Iad comhdhéanta go bunúsach de chomhábhar amháin nó níos mó de thionscnamh planda |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóirí A agus F a fásadh sa Túinéis agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh sa Túinéis ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach sa Túinéis.

### 3.11. Na Stáit Aontaithe

**Catagóirí táirgí**

| Catagóir an táirge nó na dtáirgí | | Tráchtanna |
|---|---|---|
| Táirgí neamhphróiseáilte plandaí | A | - |
| Ainmhithe beo nó táirgí neamhphróiseáilte ainmhí | B | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia | D | - |
| Táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bheatha | E | - |
| Ábhar iomadaithe fásúil agus síolta le haghaidh saothraithe | F | - |

Tionscnamh: táirgí de chatagóirí A, B agus F agus comhábhair a fhástar go horgánach i dtáirgí de chatagóirí D agus E a fásadh sna Stáit Aontaithe, nó a allmhairíodh isteach sna Stáit Aontaithe agus a próiseáladh nó a pacáistíodh sna Stáit Aontaithe i gcomhréir le reachtaíocht na Stát Aontaithe. Deonaíodh féidearthachtaí comhchosúla don Aontas maidir le táirgí orgánacha a onnmhairiú.